



Túir Scoilte

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Uimhreas	Tacair agus Oibríochtaí

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí úsáid a bhaint as eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann an méid a tharlaíonn nuair a fhoroinntear agus nuair a chónaisctear cáinníochtaí (tacair) a aithint agus a thuiscint.	- Is féidir cainníochtaí (nó tacair) a roinnt nó a chur le chéile. - Tá gaol inbhéartach idir an suimiú agus an dealú.

Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo, déanann na foghlaimeoirí iniúchadh ar bhealaí éagsúla chun túr de dheich gciúb a scoilteadh, chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna a bhaineann le rudaí a dheighilt agus a chur le chéile. Déanann siad túr de dheich gciúb sula gcuirfidh siad an túr de chiúbanna taobh thiar dá ndroim agus é a bhriseadh ina dhá chuid. Taispeánann sé cuid amháin dá bpáirtneir agus fágann siad an chuid eile as amharc. Ansin, sainaithníonn na foghlaimeoirí líon na gciúbanna atá as amharc, e.g. “Bhí deich gciúb agat, táim in ann 4 chiúb a fheiceáil, tá sé chiúb taobh thiar de do dhroim.” Ansin, déanann na foghlaimeoirí taifead ar na bealaí ar dheighil siad an túr de dheich gciúb agus ar na bealaí ar chuir siad le chéile é.



Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimeoir</i>			
Cuireann sé na tacair le chéile agus déanann sé deighilt orthu chun 10 a bhaint amach.	Samhaltaíonn agus léiríonn sé a chuid foghlama go coinceiteach, go pictiúrtha agus go teibí ach úsáid a bhaint as siombailí agus cothromóidí.	Déanann sé deighilt ar thacair 2-10 ina dhá bhfothacar nó níos mó agus aithníonn sé nach mbíonn tionchar aige seo ar an iomlán.	Baineann sé úsáid as straitéisí chun suimiú agus dealú a dhéanamh go meabhrach go dtí 10 ar a laghad.



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Cuir scafláil, spreagadh agus tacaíocht ar fáil.	Cuir teanga mhatamaiticiúil i láthair agus athneartaigh í agus í ag teacht chun cinn trína bheith ag spraoi. Comhtháthaigh an fhoghlaím mhatamaiticiúil le gníomhaíochtaí spráíúla ar feadh an lae ach úsáid a bhaint as amhráin agus rímeanna, e.g. 1,2 Ceangail mo Bhróg, 5 Fhrog Bhreactha, 10 mBuidéal Ghlasa, 10 nIspín Ramhra etc.

Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil
Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar a gconairí réitigh ar réimse bealaí (go pictiúrtha, ó bhéal, trí láimhseoga nithiúla a úsáid etc.)

Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn
Athraigh an t-eispéireas foghlama chun tuiscint na leanaí a thástáil agus a dhoimhniú trí líon na gciúbanna i dtacar a mhéadú (e.g. 20) nó líon na ndeighiltí a mhéadú go trí cinn.	Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí iad féin a cheistiú go cruthaitheach chun tuilleadh eolais a fháil faoi na straitéisí a úsáidtear chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhfadhb agus í a réiteach. - An bhfuil bealaí eile ann ina bhféadfaí an fhadhb a réiteach? - Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh go bhfuil na bealaí ar fad aimsithe agaibh?

Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic
- An úsáideann an foghlaimeoir na siombailí móide agus cothrom le, go héasca agus é ag scríobh na cothromóide? - An léiríonn an foghlaimeoir solúbthacht agus cruthaitheacht agus é ag cur rudaí le chéile agus á ndeighilt? - An bhfuil an foghlaimeoir in ann réimse samhlacha a úsáid chun turgnamh agus taifead a dhéanamh?

Foinse
Curtha in oiriúint ó: Bris Suas É https://nrich.maths.org/2284